**Preaseisiúint**

# Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí bronnta ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD

**22 Aibreán 2021**

Ag ócáid fhíorúil inniu, bhronn an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, teastais ar chuid den aon aistritheoir déag Béarla-Gaeilge chreidiúnaithe ar éirigh leo i scrúdú an tSéala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí in 2020.

Is córas láidir creidiúnaithe é an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí, ina n-áirítear castacht na gcanúintí éagsúla, béarlagair nua-aimseartha agus teicniúil, agus prós agus cumarsáid oifigiúil. Cinntítear, mar sin, na caighdeáin is airde i dtionscal an aistriúcháin agus cosnaítear cáil na n-aistritheoirí cumasacha, agus tá ról lárnach ag an gcóras creidiúnaithe seo i bhforbairt leanúnach na teanga. Is é an tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a reáchtáil an scrúdú is deireanaí le haghaidh an tSéala Creidiúnaithe thar ceann Fhoras na Gaeilge.

Dúirt Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, "B'ábhar misnigh dúinn an t-éileamh a léiríodh trí líon ard na n-iarratas ar scrúdú an tSéala in 2020 agus go raibh ar ár gcumas freastal ar an éileamh sin trí scrúdú breise ar líne a shocrú níos luaithe i mbliana. Tá áthas orm a chur in iúl go bhfuil an Séala á bhronnadh againn inniu ar aistritheoirí ní hamháin ar fud an oileáin, ach sa Phortaingéil agus sa Ghearmáin. Tá borradh as cuimse tagtha ar earnáil an aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge ó tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) i bhfeidhm, agus *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* ó dheas chomh maith le forbairtí eile ó thuaidh agus stádas oifigiúil na Gaeilge in institiúidí an Aontais Eorpaigh."

*Críoch*

**Nóta don eagarthóir:**

**An Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí**

- Reáchtáladh deich scrúdú le haghaidh Shéala an Aistriúcháin ó cuireadh tús leis in 2006.
- Tá 220 aistritheoir creidiúnaithe faoin gcóras go dtí seo agus tá liosta cuimsitheach d'aistritheoirí creidiúnaithe ar fáil ag [www.forasnagaeilge.ie/seala](http://www.forasnagaeilge.ie/seala)
- Beidh scrúdú á reáchtáil le linn 2021 de bharr éilimh.
- Naoi n-iarrthóir is daichead a thug faoin scrúdú is déanaí. D'éirigh le haon duine dhéag acu sin cáiliú mar aistritheoir Béarla-Gaeilge chreidiúnaithe i scrúdú an tSéala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí in 2020:

| | |
|---|---|
| Róisín Louise Adams | Co. na Gaillimhe |
| Cathal Burke | Co. Shligigh |
| Fíona Faherty | Co. Chill Mhantáin |
| Siobhán Fay | An Phortaingéil |
| Shane Grant | Co. Chiarraí |
| James Kelly | Co. Thiobraid Árann |
| John Kelly | An Ghearmáin |
| Darren Patrick Mag Aoidh | Co. an Dúin |
| Fionnuala Nic Pháidín | Co. Mhaigh Eo |
| Dónall Seosamh Ó Braonáin | Co. na Gaillimhe |
| Dónal Ó Gallachóir | Co. Bhaile Átha Cliath |

**Tuilleadh eolais:**
Anna Davitt, Clárbhainisteoir: Cumarsáid, Margaíocht & Feasacht, Foras na Gaeilge
Teil: 0035387 673 6175
Ríomhphost: adavitt@forasnagaeilge.ie